RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1013 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meitheamh 2022

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leathnaítear an dleacht sin chun Vítneam agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos a chumhdach tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. An t-imscrúdú roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 119/97 [2], d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach idir 32,5 % agus 39,4 % ar allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe ("RBM") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín" nó "an tír lena mbaineann") agus dleacht frithdhumpála chinntitheach 10,5 % ar allmhairí de thionscnamh Mhalaeisia. Bhí na rátaí dleachta sin infheidhme maidir le RBM seachas iad siúd a bhfuil 17 bhfáinne nó 23 fháinne acu, agus bhí RBM a bhfuil 17 bhfáinne agus 23 fháinne acu faoi réir dleachta is ionann agus an difríocht idir an praghas íosta ar allmhairí (MIP EUR 325 in aghaidh 1 000 píosa) agus an saor-agall sa Chomhphobal nár réitíodh trí phraghas custaim, aon uair a bhí an praghas custaim níos ísle ná an MIP.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 2100/2000 [3], mhéadaigh an Chomhairle na dleachtanna thuasluaite do RBM na Síne seachas iad siúd a bhfuil 17 bhfáinne nó 23 fháinne acu, tar éis imscrúdú frithionsúcháin de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán. Sa raon ó 51,2 % go 78,8 % bhí na dleachtanna leasaithe is infheidhme maidir le hallmhairí den sórt sin ón tSín.

(3) Tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 13 den bhun-Rialachán, le Rialachán (CE) Uimh. 1208/2004 [4], leathnaigh an Chomhairle na bearta frithdhumpála cinntitheacha chun allmhairí RBM áirithe arna gcur chun bealaigh ó Vítneam a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Vítneam iad nó ná bíodh.

(4) Le Rialachán (CE) Uimh. 2074/2004 [5] leathnaigh an Chomhairle na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí RBM de thionscnamh an Síne tar éis athbhreithniú éaga. Ní bhfuarthas aon iarraidh ar athbhreithniú éaga i ndáil leis na bearta is infheidhme maidir leis an Malaeisia, a chuaigh in éag ina dhiaidh sin in Eanáir 2002.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 119/97 ón gComhairle an 20 Eanáir 1997 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh de thionscnamh na Malaeisia agus Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach na dleachtanna sealadacha a forchuireadh (IO L 22, 24.1.1997, lch. 1)

[3] Rialachán (CE) Uimh. 2100/2000 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2000 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 119/97 agus lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 250, 5.10.2000, lch. 1)

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1208/2004 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2004 lena leathnaítear an dleacht fhrithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (CE) Uimh. 119/97 ón gComhairle ar allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí an táirge chéanna arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht Shóisialach Vítneam a chumhdach (IO L 232, 1.7.2004, lch. 1).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 2074/2004 ón gComhairle an 29 Samhain 2004 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 359, 4.12.2004, lch. 11).

(5) Tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 13 den bhun-Rialachán, le Rialachán (CE) Uimh. 33/2006 ([6]), leathnaigh an Chomhairle na bearta frithdhumpála cinntitheacha chun allmhairí RBM áirithe arna gcur chun bealaigh ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos ("Laos") a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Laos iad nó ná bíodh.

(6) Le Rialachán (CE) Uimh. 818/2008 ([7]) agus mar thoradh ar imscrúdú frith-imchéimniúcháin, leathnaigh an Chomhairle raon feidhme na mbeart chun RBM áirithe a ndearnadh mionmhodhnú orthu a chumhdach.

(7) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul in éag, rinneadh na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí RBM áirithe a shíneadh go ceann 5 bliana i mí Feabhra 2010 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 157/2010 ón gComhairle ([8]), agus tar éis athbhreithniú éaga eile, go ceann 5 bliana eile i mBealtaine 2016 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/703 ón gComhairle ([9]) (na "bearta i bhfeidhm").

(8) Is ionann na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair agus 51,2 % do tháirgeoir onnmhairithe amháin agus 78,8 % do gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile.

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(9) Tar éis d'fhógra a bheith foilsithe maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca leis na bearta atá i bhfeidhm ([10]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(10) Is é Comhlachas Eorpach na gCruach ("Eurofer" nó "an t-iarratasóir") a bhfuil breis agus 25 % de tháirgeacht iomlán RBM an Aontais acu a chuir iarraidh ar athbhreithniú isteach an 12 Feabhra 2021. Bunaíodh an iarraidh ar athbhreithniú ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh siad arís de thoradh dhul in éag na mbeart.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(11) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun an t-athbhreithniú éaga a thionscnamh, an 11 Bealtaine 2021 thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga maidir le hallmhairí RBM de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus arna leathnú chun Vítneam agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos a chumhdach ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([11]) ("an Fógra Tionscnaimh").

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 33/2006 ón gCoimisiún an 9 Eanáir 2006 lena leathnaítear an dleacht fhrithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (CE) Uimh. 2074/2004 ón gComhairle ar allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí an táirge chéanna arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht Shóisialach Vítneam a chumhdach (IO L 7, 12.1.2006, lch. 1).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 818/2008 ón gComhairle an 13 Lúnasa 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2004 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí meicníochta ceanglóra fháinnigh áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú maidir le himchéimniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhearta frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán sin i gcás allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh de thionscnamh na Téalainne, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téalainne iad nó ná bíodh (IO L 221, 19.8.2008, lch. 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 157/2010 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2010 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 384/96 ón gComhairle (IO L 49, 26.2.2010, lch. 1).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/703 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 122, 12.5.2016, lch. 1).

([10]) Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe (IO C 331, 07.10.2020, lch. 14).

([11]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus arna leathnú chun Vítneam agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos a chumhdach (IO C 183, 11.5.2021, lch. 8).

1.4. **Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(12) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin"). San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(13) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(14) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Níor iarr aon cheann de na páirtithe leasmhara éisteacht.

1.6. **Sampláil**

(15) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.6.1. *Níor sampláladh táirgeoirí an Aontais*

(16) San Fhógra Tionscnaimh, dúirt an Coimisiún go raibh ar na trí tháirgeoir aitheanta de chuid an Aontais, IML Industria Meccanica Lombarda SRL, Koloman Handler Fémárugyár Magyarország Kft agus Ring Alliance Ringbuchtechnik GmbH, an ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra Tionscnaimh. D'iarr an Coimisiún freisin ar tháirgeoirí agus ar chomhlachais ionadaíocha eile de chuid an Aontais iad féin a chur in iúl, dá mba ann dóibh, agus ceistneoir a iarraidh. Níor tháinig aon táirgeoir nó aon chomhlachas ionadaíoch eile de chuid an Aontais chun cinn.

1.6.2. *Sampláil na n-allmhaireoirí*

(17) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhghaolmhar an fhaisnéis a iarradh. Dá bharr sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.6.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne*

(18) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh atá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(19) Níor sholáthair aon táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a iarradh ná nár thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, níorbh ann d'aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Síne agus is ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil a fhaightear na torthaí maidir le hallmhairí ón tSín, de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(20) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(21) Chuir an Coimisiún an ceistneoir ar aghaidh chuig táirgeoirí an Aontais, chuig allmhaireoirí neamhghaolmhara agus chuig táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([12]) lá an tionscnaimh

(22) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais Ring Alliance Ringbuchtechnik GmbH agus Koloman Handler Kft., dhá pháirtí a bhaineann leis an ngrúpa céanna a bhfuil saoráid táirgeachta amháin acu agus dá ngairfear anseo feasta le chéile "Ring Alliance Ringbuchtechnik GmbH", agus M.L. Industria Meccanica Lombarda S.r.l.

1.8. **Fíorú**

(23) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheas sé a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís, agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

— Ring Alliance Ringbuchtechnik GmbH, Oroszlany, an Ungáir,

— I.M.L. Industria Meccanica Lombarda S.r.l., Offanengo, an Iodáil.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(24) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge a bhí faoi réir an athbhreithnithe éaga roimhe seo, is é sin meicníochtaí ceanglóra fháinnigh de thionscnamh na Síne, ina bhfuil dhá leathán nó dhá shreang de chruach a bhfuil ar a laghad ceithre leathfháinne de chruach sreinge feistithe orthu agus iad coinnithe le chéile le clúdach cruach. Is féidir iad a oscailt trí na leathfháinní a tharraingt, sin nó le meicníocht truicir bheag de chruach atá feistithe ar an meicníocht ceanglóra fháinnigh (an táirge faoi athbhreithniú). Tráth theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/703, bhí RBM faoi chód AC ex 8305 10 00 (cóid TARIC 8305 10 00 11, 8305 10 00 13, 8305 10 00 19, 8305 10 00 21, 8305 10 00 23, 8305 10 00 29, 8305 10 00 34 agus 8305 10 00 35).

(25) Bíonn réimse leathan úsáidí ag RBM, mar shampla, i dtáirgeadh lámhleabhar bogearraí, catalóg agus bróisiúr, lámhleabhar teicniúil, comhad oifige, chomh maith le cur i láthair agus comhaid cheangailte eile agus albam grianghraf agus stampa.

(26) Díoladh líon mór cineálacha éagsúla RBM san Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Socraíodh na difríochtaí idir na cineálacha seo de réir leithead an bhoinn, an chineál meicníochta, líon na bhfáinní, an córas oscailte, an cumas sealbhaithe páipéir ainmniúil, an trastomhas fáinne, cruth na bhfáinní, fad agus spásáil an fháinne. Ós rud é go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus teicniúla céanna ag gach cineál agus, laistigh de raonta áirithe, go bhfuil siad inmhalartaithe, suíodh gurb ionann gach RBM agus aon táirge amháin chun críche an imeachta reatha. Ní bhfuarthas aon tuairimí i ndáil leis sin.

2.2. **An táirge comhchosúil**

(27) Faoi mar a léiríodh san imscrúdú as ar tháinig forchur na mbeart atá i bhfeidhm ([13]), tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú;

— an táirge a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus

— an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

([12]) https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2526.
([13]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 157/2010.

3. LEANÚINT DEN DUMPÁIL

3.1. Réamhbharúlacha

(28) Le linn na tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, lean allmhairithe den táirge atá faoi athbhreithniú ón tSín ag leibhéal i bhfad níos ísle ná an t-athbhreithniú éaga roimhe sin (i.e. ó Eanáir 2014 go Nollaig 2014). De réir Comext (Eurostat), bhí thart ar 0,7 % de mhargadh an Aontais i gceist le hallmhairí RBM ó Dhaon-Phoblacht na Síne i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, i gcomparáid le scair 2,3 % den mhargadh le linn an athbhreithnithe éaga roimh sin.

(29) Mar a luadh in aithris (19), níor chomhoibrigh aon duine de na honnmhaireoirí/táirgeoirí ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(30) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sé arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis atá san iarraidh ar an athbhreithniú éaga, sonraí a bhí ar fáil go poiblí maidir leis an dá chuideachta Thurcacha atá ag oibriú faoi chód NACE Rev2, faisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil, faisnéis ó oifig staidrimh náisiúnta na Tuirce, bunachar sonraí Comext Eurostat, Global Trade Atlas, suíomh gréasáin de chuid ECFE maidir le hIompar Idirnáisiúnta agus Costais Árachais na Trádála Marsantais (ITIC), agus suíomh "an gnó a dhéanamh" de chuid an Bhainc Dhomhanda.

3.2. An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad

(31) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeáint, a mhéid a bhain le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(32) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe maidir leis an saobhadh suntasach líomhnaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíricí a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(33) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(34) An 20 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ("an Chéad Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, eadhon an Tuirc mar thír ionadaíoch iomchuí. Fuair an Coimisiún barúil amháin ón iarratasóir ar an gCéad Nóta.

(35) An 7 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ("an Dara Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Tuirc an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go bhfuil sé ar intinn aige úsáid a bhaint as an dá chuideachta Thurcacha, (D S C Otomotiv agus Samet Kalip ve Madeni) a fheidhmíonn faoi chód NACE Rev2 2599 agus a tháirgeann táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna le RBM mar bhonn chun na costais SGA agus brabús a shuí d'fhonn an gnáthluach a ríomh.

3.3. **Gnáthluach**

(36) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *'déanfar an gnáthluach a shuí de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'*.

(37) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'más rud é go gcinntear […] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa'*, agus *'aireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'* (Gairfear "costais SGA" ar *'costais riaracháin, díola agus ghinearálta'* anseo feasta).

(38) Mar a mhínítear thíos tuilleadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó tháirgeoirí na Síne, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(39) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí a bhain leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne ([14])-ós í an chruach an phríomhthoisc tháirgeachta le haghaidh RBM-shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú sin gur ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, ba iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

(40) Sna himscrúduithe sin, rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([15]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge faoi athbhreithniú a thairgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([16]), ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí táite agus feadán táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3).

([15]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithrisí 206-208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 149-150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 aithris 158-159.

([16]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithris 58-61, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 115-118 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 aithris 122-127.

fleasc den bhun-Rialachán ([17]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go raibh éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus ó thaobh soláthar amhábhar agus ionchur de freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([18]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([19]). Ar an gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([20]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín. ([21])

(41) Bhí faisnéis san iarratas ar an saobhadh in earnáil na cruach, go háirithe rinneadh tagairt do thorthaí na n-imscrúduithe frithdhumpála a rinne an Coimisiún Eorpach a dheimhnigh go bhfuil saobhadh ar earnáil na cruach ann. Bhí faisnéis bhreise san iarraidh maidir le saobhadh in earnáil an mhiotail neamhfheiriúil, go háirithe maidir le nicil ar amhábhar tábhachtach é chun an táirge faoi athbhreithniú a mhonarú. Thairis sin, san iarraidh rinneadh tagairt do thuarascáil an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach sa tSín ([22]) ("Tuarascáil"), inar cuireadh i dtábhacht go háirithe an saobhadh i margadh an tsaothair agus i rochtain ar mhaoiniú.

(42) San imscrúdú reatha, scrúdaigh an Coimisiún cibé a raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i ngeall gurb ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, rud a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear earnáil an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin tuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(43) Go sonrach, is ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun RBM a tháirgeadh. Tá roinnt de na táirgeoirí is mó faoi úinéireacht an Stáit. Tagraítear go sonrach do chuid acu sa "Phlean um Oiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach, 2016-2020". Mar shampla, luann Shanxi Taiyuan Iron & Steel Co. Ltd. ("Tisco"), cuideachta Shíneach atá faoi úinéireacht stáit, ar a shuíomh gréasáin gur *'mórchuideachta iarainn agus cruach"* atá ann *"a d'fhorbair ina chóras ollmhór iarainn agus cruach ar mhórscála, atá*

([17]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithrisí 193-194, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 62-66, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 119-122 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 aithris 128-132: An ceart atá ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, ceart dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé gur féidir an ceart sin a mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha, ó tharla gurb ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí an pháirtí. Roimhe seo, ní léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne, ar bhonn prionsabal polaitiúil, na héilimh atá aige ar chinntí gnó a bheith faoina smacht i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1.86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí RBM agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([18]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithrisí 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 123-129 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 aithris 133-138:

([19]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithris 75, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 130-133 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 aithris 139-142.

([20]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithris 76, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 134-135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 aithris 143-144.

([21]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithris 76, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 136-145 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 aithris 145-154.

([22]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final an 20.12.2017, ar fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

comhtháite le gnó na mianadóireachta iarainn, agus le táirgeadh, próiseáil, seachadadh agus trádáil iarainn agus cruach' ([23]). Mórchuideachta Shíneach eile atá faoi úinéireacht stáit is ea Baosteel atá i mbun monarú cruach agus atá ina chuid de China Baowu Steel Group Co. Ltd., cuideachta a comhdhlúthaíodh le déanaí (ar a dtugtaí Baosteel Group agus Wuhan Iron & Steel roimhe seo) ([24]). Cé go meastar go bhfuil an deighilt ainmniúil beagnach cothrom idir an líon cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus an líon cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, as na cúig tháirgeoir cruach ón tSín a aicmítear sna deich dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad ceithre cinn díobh ([25]). An tráth céanna, cé nár bhain ach thart ar 36 % de tháirgeacht iomlán an tionscail in 2016 leis na deich dtáirgeoir is mó, leag Rialtas na Síne sprioc amach sa bhliain chéanna chun idir 60 % agus 70 % den táirgeadh cruach a chomhdhlúthú go thart ar dheich bhfiontar mhóra nó mar sin faoi 2025 ([26]). Chuir Rialtas na Síne an rún sin in iúl arís i mí Aibreáin 2019, agus d'fhógair sé go n-eiseofaí treoirlínte maidir le comhdhlúthú an tionscail chruach ([27]). D'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist leis an gcomhdhlúthú sin cumaisc éigeantacha na gcuideachtaí príobháideacha brabúsacha agus na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá ag tearcfheidhmiú ([28]).

(44) Ina theannta sin, san earnáil cruach, tagraítear go sonrach do go leor de na táirgeoirí is mó sa Phlean um Choigeartú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach le haghaidh 2016-2020. Mar shampla, luann Tisco ar a shuíomh gréasáin gur *'mórchuideachta iarainn agus cruach'* atá ann *'a d'fhorbair ina chóras ollmhór iarainn agus cruach ar mhórscála, atá comhtháite le gnó na mianadóireachta iarainn, agus le táirgeadh, próiseáil, seachadadh agus trádáil iarainn agus cruach'* ([29]).

(45) Ós rud é go bhfuil an earnáil RBM an-ilroinnte agus gur cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit (SOEnna) iad an chuid is mó de na táirgeoirí, bhí sé dodhéanta teacht ar chóimheas cruinn d'úinéireacht stáit vs. táirgeoirí RBM faoi úinéireacht phríobháideach le linn an imscrúdaithe.

(46) Le sciar ard SOEnna in earnáil na cruach, an príomh-amhábhar chun meicníochtaí ceanglóra fháinnigh a tháirgeadh, cuirtear cosc ar tháirgeoirí atá faoi úinéireacht phríobháideach fiú oibriú faoi dhálaí margaidh. Go deimhin, tá cuideachtaí faoi úinéireacht phoiblí agus cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach san earnáil RBM araon faoi réir maoirseacht beartais agus treorach freisin mar a leagtar amach in aithrisí (47) go (53) thíos.

(47) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, níor fhiosraigh an t-imscrúdú cuideachtaí aonair, ós rud é go bhfuil earnálacha na gceanglóirí ilroinnte agus áirítear orthu FBManna agus cuideachta faoi úinéireacht stáit den chuid is mó.

(48) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil RBM lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena ndéantar tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán.

(49) Measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é an tionscal cruach, arb í an phríomh-chomhpháirt i dtáirgeadh RBM í ([30]). Deimhnítear é sin sna pleananna, treoracha agus doiciméid iomadúla eile ina ndírítear ar an gcruach, a eisítear ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach amhail *'Steel Industry Adjustment and Upgrading Plan for 2016-2020'*. Luaitear sa Phlean sin gurb *'earnáil bhunúsach thábhachtach de gheilleagar na Síne, cloch choirnéil náisiúnta'* é an tionscal cruach ([31]). Cumhdaítear sna príomhchúraimí agus cuspóirí a leagtar amach sa Phlean seo, gach gné d'fhorbairt an tionscail ([32]).

([23]) TISCO, "Company profile", http://en.tisco.com.cn/CompanyProfile/20151027095855836705.html (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 2 Márta 2020)

([24]) Baowu, "Company profile", http://www.baowugroup.com/en/contents/5273/102759.html (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021)

([25]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 358: 51 % de chuideachtaí príobháideacha agus 49 % de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit ó thaobh táirgeachta de, agus 44 % de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus 56 % de chuideachtaí príobháideacha ó thaobh acmhainneachta de.

([26]) Ar fáil ag: www.gov.cn/zhengce/content/2016-02/04/content_5039353.htm (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021); https://policycn.com/policy_ticker/higher-expectations-for-large-scale-steel-enterprise/?iframe=1&secret=c8uthafuthefra4e (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021), agus www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021).

([27]) Le fáil aghttp://www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021) agushttp://www.jjckb.cn/2019-04/23/c_137999653.htm (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021).

([28]) Faoi mar a tharla i gcás an chumaisc idir Rizhao, cuideachta phríobháideach, agus Shandong Iron and Steel, cuideachta faoi úinéireacht stáit, in 2009. Féach an tuarascáil ar chruach Bhéising, lch. 58, agus leas tromlaigh sealbhaithe de chuid China Baowu Steel Group i Magang Steel i mí an Mheithimh 2019, féach https://www.ft.com/content/a7c93fae-85bc-11e9-a028-86cea8523dc2 (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021).

([29]) TISCO, "Company profile", http://en.tisco.com.cn/CompanyProfile/20151027095855836705.html (a breathnaíodh air go deireanach an 2 Márta 2020).

([30]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lch. 346 ff.

([31]) Réamhrá leis an bPlean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú Thionscal na Cruach.

([32]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 347.

(50) Beartaítear sa 13ú Plean 5 bliana ([33]) maidir leis an bhForbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta go dtabharfaí tacaíocht d'fhiontair a tháirgeann cineálacha táirge cruach ardleibhéil ([34]). Dírítear ann freisin ar cháilíocht, marthanacht agus iontaofacht táirge a bhaint amach trí thacú le cuideachtaí a mbíonn teicneolaíochtaí in úsáid acu a bhaineann le táirgeadh glan cruach, rolladh beacht, agus feabhas ar cháilíocht ([35]).

(51) In *Catalogue for Guiding Industry Restructuring* [Catalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú] (Leagan 2011) (2013 Leasú) ([36]) ("an Chatalóg"), liostaítear cruach mar thionscal atá á spreagadh.

(52) Déanann Rialtas na Síne treoraíocht bhreise ar fhorbairt na hearnála i gcomhréir le raon leathan uirlisí agus treoracha beartais a bhaineann, *inter alia* leo seo a leanas: comhdhéanamh agus athstruchtúrú an mhargaidh, amhábhair, infheistíocht, díothú acmhainneachta, raon táirgí, athshocrú, uasghrádú, etc. Ar an mbealach sin agus ar bhealaí eile, déanann Rialtas na Síne gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú ([37]). D'fhéadfaí a áitiú gurb í fadhb reatha na ró-acmhainneachta an léiriú is soiléire ar impleachtaí bheartais Rialtas na Síne agus ar an saobhadh a eascraíonn astu.

(53) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear cruach a tháirgeadh mar an príomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht na meicníochtaí ceanglóra fháinnigh. Cuireann bearta den sórt sin bac ar ghnáthoibriú fhórsaí an mhargaidh.

(54) Leis an imscrúdú reatha, níor nochtadh aon fhianaise ar chur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó ar fhorfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán in earnáil na dtúr gaoithe, rud dá dtagraítear thuas in aithris (40), ar cur i bhfeidhm nó forfheidhmiú é nach ndéanfadh difear do mhonaróirí na dtúr gaoithe cruach.

(55) Ina theannta sin, tá an earnáil TPF faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (40) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an túir ghaoithe chruach nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([38]).

(56) Thairis sin, níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú sin a léiríonn nach ndéanann idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais difear d'earnáil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den Rialachán bunúsach, dá dtagraítear freisin thuas in aithris (40). Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstaintiúil an rialtais sa chóras airgeadais.

(57) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil roinnt ionchur ag teastáil chun RBM a tháirgeadh. Tá an tSín ar cheann de na táirgeoirí móra cruach – an príomh-amhábhar sa phróiseas táirgthe RBM. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí RBM na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(58) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre TPF a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh caipitil, talamh, lucht saothair, fuinneamh agus amhábhair, is ann do na hidirghabhálacha sin

([33]) An 13ú Plean 5 bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (2016-2020), le fáil ar https://en.ndrc.gov.cn/newsrelease_8232/201612/P020191101481868235378.pdf (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 2 Márta 2020).

([34]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 349.

([35]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 352.

([36]) An Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) (Leasú 2013) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 9 den Choimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 27 Márta 2011, agus arna leasú i gcomhréir le Cinneadh an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú maidir le Leasú na gClásal Ábhartha den Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 21 ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 16 Feabhra 2013.

([37]) Tuarascáil – Caibidil 14, lgh. 375-376.

([38]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 143-144.

ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá d'ionchur an ionchuir agus mar sin de. Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

(59) Mar a tugadh le fios in aithris (29), níor chuir Rialtas na Síne barúlacha in iúl nó níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás faoi chaibidil.

(60) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás seo. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléadh sa roinn a leanas.

3.3.2. *An tír ionadaíoch*

3.3.2.1. Barúlacha ginearálta

(61) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá comhchosúil le leibhéal forbartha eacnamaíche Dhaon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá comhionann le hollioncam náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([39]);

— Táirgeacht an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([40]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(62) Mar a mhínítear in aithrisí (34) agus (35), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí: an chéad nóta faoi thosca táirgeachta an 20 Deireadh Fómhair 2021 (an "Chéad Nóta") agus an an dara nóta faoi thosca táirgeachta an 7 Feabhra 2022 (an "Dara Nóta"). Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Tuirc a úsáid ina tír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.3.2.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne

(63) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún an Tuirc agus an Téalainn mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche mar atá ag an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad go léir ina dtíortha "ard-mheánioncaim" ar bhonn ollioncam náisiúnta, tíortha inar fios go bhfuil táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, sin nó táirge atá i gcatagóir ghinearálta chéanna agus/nó in earnáil chéanna an táirge faoi athbhreithniú ar siúl.

([39]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncaim, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([40]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

(64) Fuarthas barúil amháin ar an nóta ón iarratasóir. D'aontaigh an t-iarratasóir gur rangaíodh an dá thír mar thíortha ard-mheánioncaim. Mar sin féin, dúirt an t-iarratasóir, ina fhreagra ar an gcéad Nóta, nach raibh aon eolas aige ar chuideachtaí sa Tuirc agus sa Téalainn a tháirgeann meicníochtaí ceanglóra fháinnigh, bunaithe ar bhlianta fada de mhonarú agus díol an táirge faoi athbhreithniú. Ina theannta sin, dúirt an t-iarratasóir go raibh mearbhall idir táirgeadh ceanglóirí fáinneacha, i.e. táirge iartheachtach, agus meicníochtaí ceanglóra fháinnigh, i.e. cuid mhiotail an ceanglóra. Maidir leis na cuideachtaí a thíolaic an Coimisiún mar tháirgeoirí sa Tuirc agus sa Téalainn, dúirt an t-iarratasóir gur cuideachtaí stáiseanóireachta a tháirgeann an táirge iartheachtach na cuideachtaí uile a liostaítear i Nóta an 20 Deireadh Fómhair. Mhínigh an t-iarratasóir, san iarratas ar athbhreithniú, gur roghnaigh sé an Tuirc mar gheall ar a méid agus ar a forbairt eacnamaíoch, agus bhí a fhios go maith aige nach raibh táirgeadh RBM sa Tuirc. Dá bhrí sin, mhol sé cuideachtaí a bhfuil modhanna táirgthe comhchosúla acu, FOP agus eilimintí monaraíochta bunaithe ar chód NACE Rev2 2599.

(65) Toisc nach ionann leibhéal forbartha eacnamaíche do gach tír ina dtáirgtear an táirge faoi athbhreithniú ná an leibhéal forbartha eacnamaíche, chuir an Coimisiún in iúl go n-úsáidfeadh sé táirgeadh táirge sa chatagóir ghinearálta táirgí céanna, cód NACE Rev2 2599, don táirge faoi athbhreithniú, chun tír ionadaíoch iomchuí a bhunú d'fhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.2.3. Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(66) Maidir leis na tíortha a bhreithnítear agus a luaitear thuas, rinne an Coimisiún fíorú breise ar infhaighteacht na sonraí poiblí, agus go háirithe sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge i gcatagóir ghinearálta chód NACE Rev2 2599.

(67) Rinne an Coimisiún imscrúdú breise ar na sonraí airgeadais de chuid na gcuideachtaí a shainaithin an t-iarratasóir atá ar fáil go poiblí (Cód NACE Rev2 2599). Cé nach bhfuil aon táirgí á n-athbhreithniú ag na cuideachtaí sin, baineann siad úsáid as FOPanna comhchosúla ina bpróiseas monaraíochta. Chinn an Coimisiún nach raibh ach dhá cheann de na sé chuideachta a sainaithníodh faoi chód NACE Rev2, eadhon D S C Otomotiv agus Samet Kalip ve Madeni, sa Tuirc araon. Chinn an Coimisiún go raibh an dá chuideachta shainaitheanta brabúsach le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Is féidir na hardleibhéil chomparáideacha de SG&A agus de bhrabús nuair a bhíonn meán ualaithe an dá chuideachta in úsáid a mhíniú toisc gur táirgeoirí móra ina n-earnálacha faoi seach iad an dá chuideachta sin. Soláthraíonn D S C Otomotiv an earnáil gluaisteán, agus tá Samet Kalip imreoir mór i margadh domhanda an tionscail gabhála troscáin. Ar chaoi ar bith, níl aon fhaisnéis faighte ag an gCoimisiún a thugann le fios nach mbeadh leibhéil SG&A agus brabús D S C Otomotiv agus Samet Kalip réasúnta don earnáil ina n-oibríonn siad.

(68) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta go dtí an Tuirc. Léiríodh san anailís a rinneadh ar shonraí allmhairí nach raibh tionchar ábhartha ag allmhairí ón tSín nó ó aon cheann de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]) ar allmhairí isteach sa Tuirc ar mhórthosca táirgeachta agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí.

(69) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an Dara Nóta go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a shuí ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(70) Iarradh ar na páirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt maidir lena oiriúnaí atá an Tuirc mar thír ionadaíoch. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(71) Roghnú thosaigh na dtíortha ionadaíocha féideartha agus na gcuideachtaí oiriúnacha a bhfuil sonraí atá ar fáil go poiblí acu, ní chuireann sin chosc ar an gCoimisiún a rogha agus a thaighde a fhorlíonadh nó a bheachtú ag céim níos déanaí, lena n-áirítear trí mholtaí nua a chur ar aghaidh maidir le tíortha ionadaíocha féideartha. Go deimhin, is é príomhchuspóir na Nótaí maidir le tosca táirgeachta a iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt maidir le réamhthaighde sheirbhísí an Choimisiúin agus, más gá, roghanna eile a fháil a ndéanfaidh seirbhísí an Choimisiúin machnamh orthu. Thairis sin, tá iarscríbhinn ar leith sna Nótaí chun treoraíocht a thabhairt do pháirtithe faisnéis a chur isteach maidir le tíortha agus/nó cuideachtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch chun críoch Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([41]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe IO L 123, 19.5.2015, lch. 33 arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/749 ón gCoimisiún (IO L 113, 29.4.2017, lch. 11)

3.3.2.4. Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil

(72) Tar éis a shuí gurb í an Tuirc an tír ionadaíoch iomchuí, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.2.5. Conclúid

(73) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon Meicsiceo na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, chun go measfar é a bheith ina thír ionadaíoch iomchuí.

3.3.3. *Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí*

(74) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(75) Ina theannta sin, sa Dara Nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ("GTA") chun an costas neamhshaofa a dhéanamh amach maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair agus na seachtháirgí. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó Oifig Náisiúnta Staidrimh na Tuirce ([42]) chun costais neamhshaofa saothair agus fuinnimh a bhunú.

(76) Agus an ríomh á dhéanamh aige, chuir an Coimisiún luach ar fhorchostais mhonaraíochta san áireamh ann ar mhaithe le costais nár cuimsíodh sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach. Chun an méid sin a bhunú, bhain sé úsáid as sonraí airgeadais ceann de tháirgeoirí an Aontais a chomhoibrigh leis an imscrúdú agus a chuir faisnéis shonrach ar fáil chun na críche sin ([43]), Koloman Handler Kft ("KH"). Mínítear an mhodheolaíocht sin go hiomchuí i Roinn 3.3.5..

(77) Ar deireadh, mar a shonraítear sa Dara Nóta, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí airgeadais ón gcuideachta roghnaithe sa Tuirc, a liostaítear in aithris (67) chun costais SGA agus brabúis a bhunú.

3.3.4. *Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa*

(78) Leis an dá nóta ar thosca táirgeachta, d'fhéach an Coimisiún le liosta a shuí de thosca táirgeachta agus d'fhoinsí a mbeartaítear iad a úsáid le haghaidh gach toisce táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar, ar tosca iad a úsáideann táirgeoirí sa tSín chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an liosta tosca táirgeachta.

(79) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín i nós imeachta an athbhreithnithe, b'éigean don Choimisiún brath ar KH, táirgeoir san Eoraip, chun na tosca táirgeachta a úsáidtear i dtáirgeadh RBM a shuí. Bunaithe ar shonraí a bailíodh ó na cuideachtaí sa tSín sa chéad imscrúdú agus ar fhaisnéis atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin táirgeoirí RBM sa tSín, dealraíonn sé go bhfuil a bpróiseas táirgeachta agus na hábhair a úsáidtear cosúil leo siúd a sholáthair KH.

(80) In éagmais comhoibriú, ní raibh cóid taraife ní ba mhionsonraithe ná na cóid 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe ("HS") ag an gCoimisiún le haghaidh gach toisce táirgeachta.

([42]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-II:-July-December,-2020-37458

([43]) Rinneadh na figiúirí a soláthraíodh do na costais mhonaraíochta a chros-seiceáil go cianda agus a réiteach le cuntais na cuideachta

(81) Ag féachaint don fhaisnéis go léir a sholáthair KS agus don easpa barúlacha ar an dá nóta maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a bhaineann leis na tosca táirgeachta a chinneadh, sainaithníodh na tosca táirgeachta agus na cóid HS seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

Tosca táirgeachta RBM

Tosca táirgeachta	Cód HS	Foinse sonraí	Luach aonaid neamhshaofa
Amhábhair			
Sreang chruach chrotáin	7217 10	GTA	9,15 CNY/KG
Stiall chruach nicile bhrataithe	7226 99	GTA	12,71 CNY/KG
Stiall chruach chrotáin	7211 23	GTA	4,52 CNY/KG
Saothar			
Saothar	Oifig Náisiúnta Staidrimh na Tuirce.		25,25 CNY/uair an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas	Oifig Náisiúnta Staidrimh, an Tuirc.		0,57 CNY/uair an chloig
Seachtháirge/dramhaíl.			
Iarmhar agus fuíoll iarainn nó cruach stánaithe (seachas radaighníomhach, agus fuíoll agus fuíoll cadhnraí agus taisc-cheallraí leictreacha).	7204 30	GTA	0,59 CNY/KG

3.3.4.1. Amhábhair

(82) Chun praghsanna neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún mar bhonn, i gcás gach amhábhair a úsáideann KH i dtáirgeadh RBM, an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA, agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis an mbonn sin. D'fhíoraigh an Coimisiún na hamhábhair thuairiscithe a úsáideadh agus na cóimheasa tomhaltais ábhartha i monarú an táirge faoi athbhreithniú. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ([44]). Bhí na sonraí maidir le staitisticí allmhairiúcháin sách ionadaíoch go fóill tar éis na hallmhairí sin a chur as an áireamh. Chinn an Coimisiún allmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (60) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin.

(83) D'fhonn praghas neamhshaofa na n-amhábhar tráth a seachadta ag geata mhonarcha an táirgeora a shuí, chuir an Coimisiún dleacht allmhairiúcháin na tíre ionadaíche i bhfeidhm, ag na leibhéil faoi seach, ag brath ar thír thionscnaimh na méideanna allmhairithe ([45]). Costas iompair intíre arna ríomh in aghaidh an kg ar bhonn mheastacháin le haghaidh seachadtaí teorann Iostanbúl-Kapikule, mar a fhoráiltear sa Tuarascáil maidir le Gnó a Dhéanamh ón mBanc Domhanda, chuir an Coimisiún an gcostas sin isteach ([46]).

([44]) Meastar in Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh agus, ar aon chuma, gur allmhairí fánacha a bhí sna hallmhairí sin.

([45]) Ar fáil ag https://www.macmap.org/en/query/customs-duties (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 10 Márta 2022)

([46]) https://archive.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/t/turkey/TUR.pdf lch. 51 (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 10 Márta 2022).

3.3.4.2. Seachtháirgí

(84) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne i nós imeachta an athbhreithnithe, brath an Coimisiún ar na sonraí arna soláthar ag KH chun na seachtháirge a fhaightear i dtáirgeadh RBM a shonrú. Níor thuairiscigh an chuideachta ach aon fhotháirge amháin: fuíoll agus dramhaíl d'iarann stánaithe nó de chruach stánaithe

(85) In éagmais allmhairí na míre thuas sa Tuirc, d'fhéach an Coimisiún ar fhoinse tagarmhairc eile. Ar bhonn asbhaint ó GTA, shainaithin an Coimisiún an t-onnmhaireoir domhanda is mó den táirge i dtrácht – Stáit Aontaithe Mheiriceá ("SAM"). Rinneadh an tagarmharc a ríomh ina dhiaidh sin mar an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe tagtha i dtír (CIF + dleachtanna allmhairiúcháin sna tíortha a bhfuil allmhairí ó SAM acu) bunaithe ar onnmhairí SAM chuig an gcuid eile den domhan le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.3.4.3. Saothar

(86) Chun an tagarmharc do chostais saothair a bhunú, bhain an Coimisiún úsáid as staitisticí náisiúnta na Tuirce atá ar fáil go poiblí, lena gcuimsítear cánacha agus tobhaigh fostóirí ([47]).

(87) Mar bhonn leis an ríomh, d'úsáid an Coimisiún staitisticí ó Thairseach Sonraí Turkstat a thug eolas mionsonraithe maidir le costas saothair in aghaidh na huaire in earnálacha éagsúla de réir bliana. D'úsáid an Coimisiún an figiúr arna thuairisciú le haghaidh chód NACE Rev2 C.25 "Monarú táirgí miotail réamhdhéanta, seachas innealra agus trealamh" mar thagarmharc.

3.3.4.4. Leictreachas

(88) Chun an tagarmharc don leictreachas a bhunú, bhain an Coimisiún praghsanna leictreachais an tionscail de réir bandaí tomhaltais arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin Oifig Staidrimh Náisiúnta na Tuirce ("Turkstat") ([48]).

(89) D'úsáid an Coimisiún meastachán phraghas an leictreachais atá ar fáil i dTairseach Sonraí Turkstat, rud a sholáthraíonn meánphraghsanna leathbhliana na n-aonad leictreachais. Mar thagarmharc, bhain an Coimisiún úsáid as meán na rátaí tionsclaíocha a soláthraíodh do thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.3.5. *Forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin, agus brabúis*

(90) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús.*" Ina theannta sin, ní mór luach a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta ar mhaithe leis na costais nár cuimsíodh sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach.

(91) Sa bhreis ar na tosca táirgeachta atá in aithris (81) thuas, ríomh an Coimisiún forchostais mhonaraíochta. I bhfianaise an easpa comhair e ó tháirgeoirí na Síne, bhí ríomh na bhforchostas monaraíochta sin bunaithe ar an gcóimheas d'fhorchostais mhonaraíochta arna roinnt ar chostas na monaraíochta a thuairiscigh KH. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm maidir le costais neamhshaofa na monaraíochta.

(92) Le haghaidh costais SGA agus brabúis, d'úsáid an Coimisiún sonraí airgeadais an dá tháirgeoir Thurcacha a liostaítear in aithris (67). Chinn an Coimisiún ar dtús céatadán chostais SGA agus brabúis thar chostais na n-earraí a díoladh ("COGS") i gcás gach táirgeora. Ansin, suíodh meánchostas SGA agus meánbhrabús sa tír ionadaíoch (ualaithe de réir láimhdeachas na gcuideachtaí). Rinneadh cuntais iniúchta na gcuideachtaí sin a bhí ar fáil go poiblí a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara mar cheangaltán leis an Dara Nóta.

3.3.6. *An gnáthluach a ríomh*

(93) Ar bhonn na dtagarmharcanna thuas, ríomh an Coimisiún an gnáthluach de réir na modheolaíochta seo a leanas:

([47]) Ar fáil ag: https://data.tuik.gov.tr

([48]) Ar fáil ag: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-II:-July-December,-2020-37458

(94) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair KH ar thomhaltas gach toisce táirgeachta (amhábhair, lucht saothair agus fuinneamh) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Rinneadh na méideanna tomhaltais sin a iolrú faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid arna bhunú sa Tuirc, faoi mar a thuairiscítear i Roinn 3.3.4 thuas.

(95) Ar an dara dul síos, chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa, chuir an Coimisiún céatadán na bhforchostas monaraíochta a cinneadh, rud a shonraítear in aithris (90), leis na costais mhonaraíochta neamhshaofa.

(96) Ar deireadh, i dteannta an chostais táirgeachta arna bhunú mar a thuairiscítear in aithris (95), chuir an Coimisiún na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús chun feidhme sa tír ionadaíoch arna suí mar a mhínítear in aithris (92). Na costais SGA agus brabús arna sloinneadh mar chéatadán COGS agus arna gcur leis na costais táirgthe neamhshaofa, is céatadáin 31,3 % agus 24,7 % faoi seach a bhí iontu.

(97) An gnáthluach ríomha mar a shonraítear in aithrisí (92) go (96), laghdaíodh é síos go dtí luach neamhshaofa an tseachtháirge. Suíodh luach neamhshaofa an tseachtháirge tríd an gcainníocht a díoladh i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, arna tuairisciú ag KH, a iolrú faoi phraghas neamhshaofa in aghaidh an aonaid arna shuí sa Tuirc, mar a shonraítear i roinn 3.3.4.2 thuas.

(98) I gcomhair táirgí áirithe, cuireann Daon-Phoblacht na Síne beartas chun feidhme gan ach cuid de CBL a aisíoc ar onnmhairiú an táirge. Chun a áirithiú go sloinnfear an gnáthluach ar an leibhéal céanna cánachais agus a shloinntear an praghas onnmhairí, déantar an gnáthluach a choigeartú aníos de réir na coda sin de CBL a ghearrtar ar onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú nár aisíocadh le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Tugadh le fios le sonraí staitisticí ó shuíomh idirlín riaracháin cánach agus custaim na Síne agus le sonraí Transcustoms ([49]) gur aisíocadh an CBL a gearradh ar onnmhairí WPT go hiomlán le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Dá bhrí sin, coigeartaíodh an gnáthluach deiridh suas faoi 3 % dá réir.

(99) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Toisc nár chomhoibrigh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin, tá feidhm ag an ngnáthluach le haghaidh na tíre ina hiomláine.

3.4. **Praghas onnmhairiúcháin agus an chonclúid maidir le leanúint den dumpáil**

(100) In éagmais chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, is ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil a cinneadh an praghas onnmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(101) De réir Eurostat, níor allmhairíodh ach 356 mhíle píosa RBM ón tSín le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Tá an méid sin diomaibhseach ní hamháin i bhfianaise thomhaltas iomlán an Aontais, ach freisin ós rud é, mar a mhínítear in aithris (26), gur díoladh líon mór cineálacha éagsúla RBM san Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.. In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, níl aon sonraí ag an gCoimisiún maidir leis an meascán táirgí laistigh de mhéideanna allmhairí atá chomh beag sin. Ar na cúiseanna sin, chinn an Coimisiún nach leor na méideanna ísle sin chun cinneadh a dhéanamh ó thaobh leanúint den dumpáil agus rinne sé scrúdú ar an dóchúlacht go dtarlódh dumpáil arís i gcás ina ligfear do na bearta dul i léig.

4. **AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DUMPÁIL ARÍS**

(102) Rinne an Coimisiún imscrúdú de réir Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na gnéithe seo a leanas: arbh ann don dumpáil ar bhonn onnmhairí chuig tríú tíortha, an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Rúis agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

([49]) http://www.transcustoms.cn/index.asp (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 10 Márta 2022)

4.1. **Onnmhairí chuig tríú tíortha**

(103) Ar bhonn staitisticí allmhairí GTA, shainaithin an Coimisiún na ceithre allmhaireoir RBM ba mhó ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin: Meicsiceo, SAM, an Mhalaeisia agus Vítneam ([50]). Bhí 61 % d'allmhairí "domhanda" an táirge faoi athbhreithniú ón tSín ag na ceithre thír sin.

(104) Maidir le honnmhairí RBM na Síne chuig na ceithre phríomh-mhargadh sin, rinneadh na ríomhanna dumpála de réir na modheolaíochta a shonraítear thíos.

4.1.1. *Gnáthluach*

(105) Chun measúnú a dhéanamh ar dhumpáil ón tSín go tríú tíortha, d'úsáid an Coimisiún an gnáthluach arna ríomh mar a shonraítear in aithrisí (93) go (99).

4.1.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(106) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Síne, measadh an praghas onnmhairí ba dhócha a bheadh ar tháirge onnmhairithe chuig an Aontas trí anailís a dhéanamh ar phraghsanna onnmhairí na Síne chuig tríú tíortha le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin tírshonracha ábhartha ó GTA.

(107) Thuairiscigh an Mhalaeisia agus Vítneam a luachanna allmhairiúcháin ar leibhéal CAL amháin. Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún na luachanna tuairiscithe go leibhéal SAB trí chostais lasta farraige agus costais árachais a asbhaint ([51]). Níor ghá an coigeartú sin do Mheicsiceo ná do Stáit Aontaithe Mheiriceá toisc go raibh luachanna allmhairiúcháin ar leibhéal SAB ar fáil.

(108) Sa dara céim rinneadh luachanna allmhairiúcháin SAB na gceithre thír go léir a choigeartú go dtí an leibhéal an phraghais díreach ón monarcha trí chostas iompair intíre sa tSín a asbhaint ([52]).

4.1.3. *Comparáid agus Corrlaigh dhumpála*

(109) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach ríofa agus na praghsanna onnmhairí chuig tríú tíortha ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(110) Léiríodh sa chomparáid thuas corrlach dumpála ar fud na tíre le haghaidh onnmhairí na Síne chuig na ceithre thír, arna shloinneadh mar chéatadán dá luach CAL ([53]) faoi seach mar a leanas:

Tír	% d'allmhairí iomlána "domhanda" an táirge faoi athbhreithniú ón tSín	Corrlach dumpála (%)
Meicsiceo	35	37,6
SAM	13	21,9
An Mhalaeisia	7	100,8
Vítneam	6	61,6

(111) Bheadh corrlach dumpála níos mó ná 20 % mar thoradh ar an meánphraghas onnmhairiúcháin a suíodh le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcás gach ceann de na tíortha thuasluaite i gcomparáid leis an ngnáthluach a leagtar síos i roinn 3.3.6. Léiríonn sé sin, dá mba rud é go dtiocfadh allmhairí ón tSín isteach san Aontas ar an leibhéal sin, gur allmhairí dumpáilte a bheadh iontu.

([50]) Liostaítear tíortha de réir mhéideanna na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

([51]) Ar bhonn Thacar Sonraí ECFE: Costais Iompair agus Árachais Idirnáisiúnta na Trádála Marsantais (ITIC) – an tSín – tír atá i gceist. https://stats.oecd.org/Index.aspx?DataSetCode=CIF_FOB_ITIC.

([52]) Ar bhonn mheastachán le haghaidh Chalafort Tianjin-seachadtaí Bhéising mar atá curtha ar fáil ag an mBanc Domhandahttps://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/c/china/CHN.pdf lch. 88.

([53]) I gcás Mheicsiceo, fuarthas luachanna CAL trí úsáid a bhaint as an gcóimheas luacha SAB/CAL atá ar fáil do SAM.

4.2. **An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne**

(112) Acmhainneacht bhreise sa tSín, atá measta ag 375 mhilliún píosa de réir an iarraidh ar athbhreithniú éaga, tá sé níos mó ná 7 n-oiread thomhaltas iomlán an Aontais a bhfuil 40 milliún píosa i gceist leis – 60 milliún píosa le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Cuireadh go mór le hacmhainneacht na Síne de réir a chéile le deich mbliana anuas, agus faoi láthair tá thart ar 830 milliún píosa i gceist leis, méid atá i bhfad níos faide ná a aschur reatha, is é sin 455 mhilliún píosa.

(113) Ar bhonn an mhéid thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, a d'fhéadfaidís a úsáid chun RBM a tháirgeadh chun a onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

4.3. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(114) De réir shonraí GTA, d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig a bpríomh-thríú margaí ar phraghsanna a bhí idir 1,2 % agus 32,5 % ní b'ísle i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Agus an leibhéal praghsanna sin á chur san áireamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé tarraingteach d'onnmhaireoirí na Síne onnmhairiú chuig an Aontas, toisc má ligfear do na bearta dul in éag, beidh siad in ann díol ar phraghsanna níos airde ná praghsanna a n-onnmhairí chuig tíortha eile ach atá fós faoi phraghsanna thionscal an Aontais.

(115) Tá margadh an Aontais tarraingteach freisin do tháirgeoirí Síneacha i bhfianaise a mhéide, toisc gurb é an margadh is mó ar domhan é do chineálacha áirithe RBM de réir na hiarrata ar athbhreithniú éaga.

4.4. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís**

(116) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go dtarlódh dumpáil arís dá ligfí do na bearta atá ann faoi láthair dul i léig. Go háirithe, leibhéal an ghnáthluacha a suíodh i nDaon-Phoblacht na Síne, leibhéal na bpraghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig margaí tríú tíortha, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus an acmhainneacht mhór táirgeachta atá ar fáil i nDaon-Phoblacht na Síne, léiríonn siad sin go léir gur dócha go dtarlóidh an dumpáil arís i gcás ina ligfí do na bearta atá ann faoi láthair dul i léig.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(117) Rinne dhá táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin: Ring Alliance Ringbuchtechnik GmbH (Oroszlany, an Ungáir) agus I.M.L. Industria Meccanica Lombarda S.r.l., (Offanengo, an Iodáil). Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(118) Tá an dá tháirgeoir (arb é an chéad cheann acu an t-iarratasóir) tar éis comhoibriú san imscrúdú. Ós rud é go bhfuil táirgeacht iomlán RBM san Aontas ag an dá chuideachta le chéile le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, meastar gur ionadaithe iad ar thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(119) Suíodh gur thart ar 40 000-60 000 tona a bhí i gceist le táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ([54]). Shuigh an Coimisiún an uimhir ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir ón dá tháirgeoir. Ós rud é gur suíodh na figiúirí micreacnamaíocha agus maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí ó dhá tháirgeoir de chuid an Aontais, is de réir raonta a cuireadh na sonraí ar fáil chun rúndacht a áirithiú.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(120) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn (a) na méideanna díolacháin fíoraithe den táirge comhchosúil ag tionscal an Aontais i margadh an Aontais a tuairiscíodh sna freagraí ceistneora faoi seach ó tháirgeoirí an Aontais, agus (b) na méideanna allmhairí RBM (leibhéal TARIC) i margadh an Aontais arna dtuairisciú in Eurostat agus agus arna dtiontú ina bpíosaí. De réir ainmníocht TARIC a bhí bailí tráth theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/703, shainaithin an Coimisiún dhá ghrúpa de RBM:

— RBM seachas na cinn sin a bhfuil 17 bhfáinne agus 23 fháinne acu (cóid TARIC 8305 10 00 11, 8305 10 00 13, 8305 10 00 19 agus 8305 10 00 34): agus

— RBM a bhfuil 17 bhfáinne agus 23 fháinne (cóid TARIC 8305 10 00 21, 8305 10 00 23, 8305 10 00 29 agus 8305 10 00 35):

([54]) Ní thugtar ach raonta chun rúndacht shonraí an dá tháirgeoir de chuid an Aontais a chosaint.

(121) In Eurostat, is meáchan (KG) é an t-aonad tomhais le haghaidh RBM. Ríomh an Coimisiún fachtóir tiontaithe maidir le gach ceann de na grúpaí thuasluaite de RBM, ar bhonn sonraí táirgthe fíoraithe de chuid thionscal an Aontais. Bhain sé úsáid as na fachtóirí tiontaithe arna ríomh ar an gcaoi sin chun na méideanna allmhairiúcháin ábhartha i bpíosaí a shuí.

(122) Míníodh ríomh na bhfachtóirí tiontaithe sin go cuí i nóta don chomhad ([55]). Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún foinse na sonraí a d'úsáid sé chun an dá fhachtóir tiontaithe a ríomh (figiúirí díolacháin thionscal an Aontais do thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin arna gcur isteach de réir meáchain agus aonaid) agus an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm (an meáchan iomlán a bhí i díolachán san Aontas ag gach grúpa táirgí roinnte ar líon comhfhreagrach na bpíosaí). Ní bhfuarthas aon tuairimí maidir leis an nóta seo don chomhad.

(123) Forbraíodh tomhaltas an Aontais mar seo a leanas:

Tábla 1

Tomhaltas i margadh an Aontais

Méid	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Innéacs (2017 = 100)	*100*	*95*	*86*	*69*
Raonta ("000 pcs)	70 000-90 000	60 000-80 000	60 000-80 000	40 000-60 000

Foinse: Eurostat agus freagraí ar an gceistneoir

(124) Léirigh an t-athbhreithniú gur tháinig laghdú 31 % ar thomhaltas RBM san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó thart ar 70-90 milliún píosa i 2017 go 40-60 milliún píosa le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ([56]).

(125) Is é digitiú an míniú ar an meath leanúnach atá ag teacht ar thomhaltas an Aontais. Mar sin féin, creideann tionscal an Aontais go bhfuil tionchar an digitithe ag an gcéim dheireanach agus go gcobhsóidh an margadh de réir a chéile, go háirithe i gcás na bpríomh-mhargaí, i.e. margadh na scoile agus margadh na samplaí. Ina theannta sin, mar thoradh ar ráig COVID-19 in 2020 tháinig laghdú sealadach breise ar an éileamh sa bhliain sin.

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(126) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn staitisticí Eurostat, mar atá mínithe go cuí in aithris (120) thuas. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí aige trí allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais mar a leagtar amach i dTábla 1.

(127) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ón tír lena mbaineann:

Tábla 2

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Innéacs na Síne (2017 = 100)	*100*	*89*	*35*	*39*
Raonta na Síne ("000 pcs)	800-1 300	800-1 300	300-800	300-800
Raonta an sciar den mhargadh (%)	1-3	0,5 -2,5	0,2 -2,2	0,5-2,5

([55]) t22.000638.

([56]) Ní thugtar ach raonta chun rúndacht shonraí an dá tháirgeoir de chuid an Aontais a chosaint.

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Innéacs an sciar den mhargadh (2017 = 100)	*100*	*93*	*41*	*57*

Foinse: Eurostat agus an nóta maidir leis an gcomhad

(128) D'fhan méid na n-allmhairí RBM de thionscnamh na Síne C ag leibhéal an-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus a luanaigh siad timpeall sciar 1 % den mhargadh.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(129) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne, agus i bhfianaise na gcainníochtaí an-íseal arna n-allmhairiú san Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne mar a mhínítear in aithris (101), níorbh fhéidir aon phraghsanna allmhairí iontaofa a shuí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir ríomh fóinteach a dhéanamh ar shladghearradh na bpraghsanna.

(130) Sna himthosca sin, chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais a bhí á dhéanamh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(1) meánphraghsanna ualaithe an táirge faoi athbhreithniú a táirgeadh sa tSín agus a díoladh dá príomh-mhargaí onnmhairiúcháin, mar a mhínítear in aithrisí (106)-(107) arna suí ar bhonn CAL, le coigeartuithe iomchuí de bharr an ghnáthráta dleachta custaim (2,7 %) agus costais iar-allmhairiúcháin (2 %), agus

(2) meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha an táirge faoi athbhreithniú de chuid tháirgeoirí an Aontais, arna ngearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna choigeartú chuig leibhéal an phraghais díreach ón monarcha;

(131) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Léirigh sé sladghearradh suas le 32,5 % ag brath ar na praghsanna do na príomh-mhargaí onnmhairiúcháin a úsáidtear. Tá coinne ann go mbeidh leibhéal comhchosúil sladghearrtha ar mhargadh an Aontais má ligfear do na bearta dul i léig.

5.4. **Méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne**

(132) Shuigh an Coimisiún méideanna agus praghsanna na n-allmhairí, agus an mhodheolaíocht chéanna á cur i bhfeidhm aige agus d'úsáid sé le haghaidh na Síne (féach aithris (126)).

(133) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 3

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír	Méid na n-allmhairí	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
An Chamhóid	*Innéacs (2017 = 100)*	*100*	*100*	*64*	*58*
	Raonta (1000 pcs)	10 000-15 000	10 000-15 000	5 000-10 000	4 000-9 000
	An sciar den mhargadh (%)	15-17	16-18	10-12	12-14
	Meánphraghas (EUR/000pcs)	154	145	146	148

An India	*Innéacs (2017 = 100)*	*100*	*121*	*75*	*42*
	Raonta (“000 pcs)	10 000-15 000	13 000-18 000	8 000-13 000	4 000-9 000
	An sciar den mhargadh (%)	16-18	19-21	13-15	9-11
	Meánphraghas (EUR/000pcs)	153	136	147	143
Eile	*Innéacs (2017 = 100)*	*100*	*18*	*5*	*29*
	Raonta (“000 pcs)	100 – 600	50-550	10-510	50-550
	An sciar den mhargadh (%)	0,3-1	0,1-0,5	0,1-0,5	0,2-0,7
	Meánphraghas (EUR/000pcs)	210	489	1 301	438
Iomlán	*Innéacs (2017 = 100)*	*100*	*109*	*68*	*50*
	Raonta (“000 pcs)	23 000 – 28 000	25 000 – 30 000	15 000 – 20 000	10 000 – 15 000
	An sciar den mhargadh (%)	30-35	35-40	25-30	23-28
	Meánphraghas (EUR/000pcs)	154	141	148	149

Foinse: Eurostat agus iarraidh ar athbhreithniú éaga

(134) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú ina hiomláine, ba iad an India agus an Chambóid na tíortha is mó a d’onnmhairigh RBM chuig an Aontas. Bhí sciar suntasach de mhargadh an Aontais ag allmhairí ó na tíortha sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú ina hiomláine, is é sin idir 10 % agus 16 %. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur laghdaigh líon agus sciar na n-allmhairí ón India agus ón gCambóid go láidir thar an tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú freisin ar phraghsanna na n-allmhairí sin, agus níl aon fhianaise tugtha ag tionscal an Aontais lena léiriú go ndumpáiltear na hallmhairí sin ar mhargadh an Aontais.

(135) Is allmhairí fánacha iad na hallmhairí ó na tríú tíortha eile. D’imigh an Téalainn, a bhí ar an dara honnmhaireoir is mó chuig an Aontas, beagnach as an margadh.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(136) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal de chuid an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(137) Mar a luaitear in aithris (16), níor úsáideadh sampláil chun a chinneadh an ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le díobháil, ní dhearna an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus táscairí díobhála micreacnamaíocha toisc gur chomhoibrigh táirgeoirí uile an Aontais leis an athbhreithniú.

(138) D'fhonn faisnéis rúnda gnó a urramú, ba ghá faisnéis a thíolacadh maidir leis an dá tháirgeoir de chuid an Aontais i raonta. Trí na figiúirí beachta a chur i láthair, bheadh táirgeoir de chuid an Aontais in ann figiúirí táirgeachta beachta an táirgeora eile a ríomh, agus bheadh baol ann go mbeadh oibreoirí eile margaidh a bhfuil sonraí margaidh acu in ann a dhéanamh amhlaidh freisin.

5.5.2. *Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta*

(139) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Táirgeacht ("000 pcs) *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*97*	*92*	*78*
Táirgeacht ("000 pcs) (raonta)	50 000-60 000	49 000-59 000	48 000-58 000	40 000-50 000
Acmhainneacht táirgeachta *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*100*	*100*	*100*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	80 000-90 000	80 000-90 000	80 000-90 000	80 000-90 000
Úsáid acmhainneachta *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*97*	*92*	*78*
Ráta úsáide acmhainneachta (raonta) (%)	60-70	58-68	55-65	50-60

Foinse: Freagraí ceistneora

(140) Tháinig laghdú 22 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Lean an treocht sin an treocht sa tomhaltas cé go raibh an titim in aschur táirgeachta thionscal an Aontais níos éadroime ná an laghdú ar thomhaltas. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig an laghdú 22 % céanna ar an ráta úsáide acmhainneachta ag tionscal an Aontais, toisc gur fhan an acmhainneacht féin de bheith cobhsaí. Shroich an ráta úsáide acmhainneachta leibhéal íseal 50 % go 60 % i ndearbhthéarmaí nach bhfacthas riamh le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

5.5.3. *Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh*

(141) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Méid na ndíolachán iomlán ar mhargadh an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*89*	*97*	*80*
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara (raonta)	40 000-50 000	35 000-45 000	40 000-50 000	35 000-45 000

Innéacs an sciar den mhargadh (2017 = 100)	*100*	*93*	*112*	*115*
Raonta an sciar den mhargadh (%)	63-68	58-63	70-75	72-77

Foinse: Freagraí ceistneora

(142) Tháinig laghdú 21 % ar mhéid na ndíolachán i dtionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gurb é an laghdú comhuaineach ar thomhaltas an phríomhchúis leis an laghdú sin, ní raibh an titim sna méideanna díolacháin chomh mór céanna leis an titim ar thomhaltas agus ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha. Mar thoradh air sin, tháinig méadú 15 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí 70 %-80 % i gceist leis i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

5.5.4. *Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna*

(143) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe de chuid tháirgeoirí an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus ar a gcuid costas táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Praghsanna díola san Aontas agus Costas táirgthe

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
An meánphraghas díola aonaid ualaithe san Aontas ar an margadh iomlán *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*100*	*92*	*93*
An meánphraghas díola aonaid ualaithe san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/"000pcs)	170-200	175-205	150-180	155-185
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*103*	*99*	*98*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid (innéacs/tonaí)	160-190	165-195	148-178	150-180

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(144) An laghdú ar na meánphraghsanna ualaithe aonaid díolacháin, faoi 7 %, bhí sé i bhfad níos suntasaí ná an titim beag sa chostas táirgthe.

(145) Lean meánphraghsanna díolacháin thionscal an Aontais an treocht i meánphraghsanna ualaithe díolacháin an Aontais sna tíortha is mó a onnmhairíonn RBM chuig an Aontas, mar a thuairiscítear i dtábla 3. D'ainneoin úsáid íseal acmhainneachta, tháinig laghdú beag ar an meánchostas táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go príomha mar gheall ar laghdú ar chostais saothair de thoradh iarrachtaí athstruchtúrúcháin a bheith déanta ag táirgeoirí an Aontais.

5.5.5. *Fostaíocht agus táirgiúlacht*

(146) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais fostaíochta, táirgiúlachta agus saothair de chuid tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Líon na bhfostaithe *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*88*	*83*	*80*
Líon na ndaoine atá fostaithe (FTE)	150-200	130-180	120-170	115-165
Táirgiúlacht saothair (aonad/fostaí – innéacs 2017 = 100)	*100*	*110*	*111*	*98*
Táirgiúlacht saothair (aonad/fostaí – raonta)	320-370	360-410	365-415	300-350
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*102*	*107*	*96*
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (raonta)	18 000-22 000	19 000-23 000	20 000-24 000	17 000-21 000

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(147) Tá laghdú 22 % tagtha ar an bhfostaíocht i gcoibhéis lánaimseartha, rud atá mar thoradh ar athstruchtúrú leanúnach thionscal an Aontais d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhálaí athraitheacha an mhargaidh. San céanna, de bharr na n-iarrachtaí leanúnacha sin um athstruchtúrú, d'fhan táirgiúlacht saothair thionscal an Aontais cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú in ainneoin thitim shuntasach na táirgeachta mar a léirítear i dtábla 4.

(148) Tháinig méadú seasta ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí ó 2017 go dtí 2019 agus thit siad go mór ina dhiaidh sin, faoi 4 % i gcomparáid le 2017, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, go príomha mar gheall ar bhearta sealadacha i bhfianaise phaindéim COVID-19.

5.5.6. *Fardail*

(149) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic an dá tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Fardail

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Stoic dheiridh (2017 = 100)	*100*	*118*	*109*	*112*
Stoic dheiridh (raonta)	25 000-35 000	30 000-40 000	25 000-35 000	27 000-37 000

Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*121*	*118*	*144*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (raonta) (%)	40-50	50-60	48-58	60-70

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(150) Tháinig méadú 12 % ar leibhéil stoic dheireadh na bliana san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, agus an laghdú comhuaineach ar tháirgeadh á chur san áireamh, bhí na stoic ar leibhéal sách ard le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus mheas táirgeoirí an Aontais gur gnáthrud é sin chun solúbthacht a cheadú chun freagairt don éileamh agus go háirithe do luaineachtaí séasúracha.

5.5.7. *Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú*

(151) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí tháirgeoirí an Aontais sa tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*141*	*114*	*72*
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán-raonta)	3 %-8 %	5 %-10 %	4 %-9 %	2 %-7 %
Sreabhadh airgid *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*63*	*99*	*72*
Infheistíochtaí *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*62*	*45*	*40*
Toradh ar infheistíochtaí *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*100*	*87*	*53*
Toradh ar infheistíochtaí (%) (raonta)	8-13	8-13	7-12	5-10

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(152) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais a sampláladh trí ghlanbhrabús réamhchánach dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Ó 2017 go 2019, tháinig athrú ar bhrabús thionscal an Aontais thart ar an íosleibhéal brabúsachta a mbeifí ag súil leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta de réir Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán (6 %). Le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, thit sé i bhfad faoi bhun an leibhéil sin, áfach. Is é an laghdú ar an bpraghas díola is mó is cúis leis an laghdú ar bhrabúsacht.

(153) Is ionann an glansreabhadh airgid agus an cumas atá ag táirgeoirí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'éirigh le tionscal an Aontais sreabhadh dearfach airgid a choinneáil le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé gur laghdaigh sé 28 % le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcomparáid le 2017.

(154) Léiríodh san imscrúdú nach raibh tionscal an Aontais in ann a leibhéal infheistíochta a choinneáil ar bun thar an tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 60 % ar infheistíochtaí i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcomparáid le 2017. Thairis sin, baineann na hinfheistíochtaí reatha le cothabháil agus ní le meaisíní chun táirgeacht a mhéadú.

(155) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. D'éirigh le tionscal an Aontais toradh dearfach ar infheistíochtaí a choinneáil le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé gur laghdaigh sé 47 % i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcomparáid le 2017.

(156) Níor tuairiscíodh go raibh deacracht ag baint le cumas tháirgeoirí an Aontais caipiteal a thiomsú le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.8. *Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana*

(157) Mar a mhínítear in aithris (10), ní leor allmhairí ón tSín i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin mar bhonn le cinneadh a dhéanamh an leanfar den dumpáil. Tá bearta frithdhumpála i gcoinne RBM i bhfeidhm ó bhí 1997 ann agus tá cleachtais trádála éagóracha lena mbaineann os comhair thionscal an Aontais ó shin i leith, rud a d'fhág go raibh imscrúduithe breise agus roinnt síntí ar na bearta (féach aithrisí (1) go (7)). Léiríonn na táscairí thuas go bhfuil tionscal an Aontais lagaithe mar gheall ar na cleachtais leanúnacha dumpála, imchéimnithe agus ionsúcháin ón am roimhe seo agus, dá bhrí sin, tá an tionscal sin fós leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha aon allmhairí dumpáilte ar mhargadh an Aontais.

5.5.9. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(158) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-onnmhairí de chuid táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Méid na n-onnmhairí "000 pcs *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*117*	*89*	*77*
Méid na n-onnmhairí 000pcs (raonta)	6 000-10 000	7 000-11 000	5 000-9 000	4 000-8 000
Meánphraghas *(innéacs 2017 = 100)*	*100*	*79*	*89*	*85*
Meánphraghas EUR/"000 pcs (raonta)	200-250	150-200	180-240	170-230

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(159) Tháinig laghdú 23 % ar mhéid na n-onnmhairí ag tionscal an Aontais chuig na custaiméirí neamhghaolmhara le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba ionann onnmhairí thionscal an Aontais agus 10 % – 15 % de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais thar an tréimhse faoi bhreathnú.

(160) Tháinig laghdú ar an meánphraghas onnmhairiúcháin aonaid chuig na custaiméirí neamhghaolmhara a bhí dhá oiread níos mó ná an laghdú ar an meánphraghas díolacháin aonaid san Aontas ar an margadh iomlán thar an tréimhse atá faoi bhreathnú.

5.5.10. *Conclúid maidir le staid thionscal an Aontais*

(161) D'fhan méid na n-allmhairí RBM de thionscnamh PRC an-íseal le linn na tréimhse atá faoi bhreathnú.

(162) Léirigh an t-athbhreithniú go raibh tionscal an Aontais in ann brabúsacht dhearfach a choimeád le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar leanúint na mbeart ó 1997 agus ar mhéid íseal na dtáirgí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín. Mar sin féin, bhí an bhrabúsacht a baineadh amach íseal agus go mór faoi bhun 6 % i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(163) Léiríonn na táscairí díobhála go bhfuil staid eacnamaíoch thionscal an Aontais deacair, i gcomhthéacs iomaíocht domhanda agus laghdú ar thomhaltas. Tá tionscal an Aontais tar éis dul i ngleic leis na dúshláin sin trí athstruchtúrú a dhéanamh ar a fhostaíocht.

(164) Toradh beartaithe na mbeart frithdhumpála, is é sin deireadh a chur leis an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais, léiríonn na táscairí gur bhain na bearta frithdhumpála an toradh sin amach.

(165) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin nach ndearnadh díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

6. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL MÁ DHÉANTAR NA BEARTA A AISGHAIRM

(166) Ó tharla gurb é conclúid an Choimisiúin nár bhain díobháil ábhartha do thionscal le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, rinne sé measúnú ar an dóchúlacht go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi má ligfear do na bearta i gcoinne allmhairí na Síne dul in éag. Ar bhonn na dtreochtaí thuasluaite, an toradh a bhí beartaithe ag na bearta frithdhumpála, is é sin an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais a bhaint, is cosúil go bhfuil an toradh sin bainte amach ag na bearta sin.

(167) Maidir leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tír lena mbaineann, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus an tionchar is dócha a bheadh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar staid thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul i léig.

6.1. *Acmhainneacht táirgeachta/próiseála spártha*

(168) Mar a luaitear in aithris (141) go (113), tá acmhainneacht bhreise shuntasach ag onnmhaireoirí na Síne chun a gcuid onnmhairí a mhéadú go tapa. Meastar gur thart ar 375 mhilliún píosa atá i gceist lena n-acmhainneacht bhreise, méid a bhfuil seacht n-oireadh níos mó ná an tomhaltas laistigh den Aontas.

6.2. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(169) Tá táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i mbun roinnt cleachtais éagóracha trádála chun teacht timpeall ar na bearta i gcoinne allmhairí RBM Síneach, mar a mhínítear in aithrisí (3), (5) agus (6) thuas. Ina theannta sin, léirigh an t-imscrúdú go bhfuil praghsanna ar mhargadh an Aontais níos airde i gcomparáid le praghsanna ar mhargaí tríú tíortha, mar a thuairiscítear in aithris (114).

(170) Measann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne gur margadh tarraingteach é margadh an Aontais agus is dócha go ndíreofar cainníochtaí suntasacha a onnmhairítear go dtí tíortha eile chomh maith le táirgeadh ó chuid den acmhainneacht spártha atá ann cheana chuig margadh an Aontais i gcás ina ligfear do na bearta dul in éag.

6.3. *Tionchar insreabhadh nua allmhairí dumpáilte ón tSín ar staid thionscal an Aontais má ligfear do na bearta dul in éag*

(171) Má ligfear do na bearta dul in éag, tá coinne leis go mbeidh méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, de bharr na n-acmhainneachtaí spártha atá ann cheana agus de bharr tharraingteacht mhargadh an Aontais mar a leagtar amach in aithrisí (168) go (170). Is dócha go mbeidh na hallmhairí sin ag sladghearradh phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais nó ar a laghad go mbrúfaidh siad leibhéal praghais neamhdhíobhála an tionscail de chuid an Aontais síos go mór, mar a leagtar amach in aithrisí (129) go (131).

(172) Agus méideanna móra allmhairí Síneacha ar phraghsanna dumpáilte ag teacht is dócha, bheadh ar thionscal an Aontais a tháirgeadh a laghdú nó praghsanna an tionscail sin a laghdú a thuilleadh i gcomparáid lena chostais. Tá tionscal in Aontais i staid leochaileach cheana féin agus leibhéil bhrabúsachta measartha acu mar a mhínítear in aithrisí (162) agus (163). Dá bhrí sin, ní féidir a phraghsanna a laghdú a thuilleadh ná méideanna díolacháin a íobairt gan a inmharthanacht a chur i mbaol.

6.4. *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil ábhartha arís*

(173) I bhfianaise a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún gur dhócha go ndéanfaí díobháil ábhartha do thionscal an Aontais arís dá rachadh na bearta in éag. Go deimhin, in éagmais beart, an méadú suntasach is dócha a thiocfadh ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna a ghearrann faoi phraghsanna thionscal an Aontais, dhéanfadh sé staid eacnamaíoch atá leochaileach cheana féin i dtionscal an Aontais níos measa agus, dá bhrí sin, chuirfí a inmharthanacht i mbaol.

7. **LEAS AN AONTAIS**

7.1. **Réamhrá**

(174) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(175) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

(176) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann a d'fhágfadh go ndéanfaí an chonclúid nach bhfuil sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís.

7.2. **Leas thionscal an Aontais**

(177) Mar a socraíodh in aithris (164), níl díobháil á déanamh do thionscal an Aontais a thuilleadh ach tá sé i staid leochaileach. Sa chás sin, ní féidir le tionscal an Aontais déileáil le baint na mbeart, rud is dócha a mbeidh méadú mór ar allmhairí dumpáilte mar thoradh air. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, chuirfí inmharthanacht an tionscail i mbaol. Dá bhrí sin, tá sé chun leas thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

7.3. **Leas na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí neamhghaolmhara**

(178) Cuireadh gach allmhaireoir neamhghaolmhar agus úsáideoir ar an eolas faoi thionscnamh an athbhreithnithe. Ní bhfuair an Coimisiún aon chomhar, áfach, ó allmhaireoirí neamhghaolmhara ná ó úsáideoirí. Tháinig allmhaireoir neamhghaolmhar amháin chun cinn agus cláraíodh é mar pháirtí leasmhar, ach ní dhearna an páirtí sin aon aighneachtaí le haghaidh an chomhaid.

(179) Dá bhrí sin, ní raibh aon chomhartha ann a léireodh go mbeadh tionchar diúltach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na húsáideoirí agus/nó ar na hallmhaireoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart.

7.4. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(180) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe de thionscnamh na Síne.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(181) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le leanúint nó atarlú na dumpála, agus atarlú na díobhála, agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a choimeád ar bun.

(182) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(4) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(183) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(4) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(184) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(185) Níl feidhm ag na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear in Airteagal 1(3) den Rialachán seo ach amháin maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha shonracha a luaitear. Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna mhonarú ag aon chuideachta eile nach luaitear a hainm i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá gaolmhar leis na cuideachtaí a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair.

(186) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([57]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh chun a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéanann an t-athrú ar ainm na cuideachta difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(187) Cuireadh gach páirtí leasmhar ar an eolas faoi na bhunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na bearta atá ann cheana choinneáil ar bun. Tugadh tréimhse áirithe do na páirtithe uile inarbh fhéidir leo aighneachtaí a thabhairt de bhun an nochta sin agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Cuireadh na haighneachtaí agus na barúlacha san áireamh mar is cuí.

([57]) European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi 170, 1040 Brussels, Belgium.

(188) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([58]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(189) Thug an Coiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim dhearfach uaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála cinntitheach ar allmhairí meicníochtaí ceanglóra fháinnigh áirithe, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8305 10 00, (cóid TARIC 8305 10 00 19, 8305 10 00 29, 8305 10 00 39, agus 8305 10 00 42), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Chun críoch an Airteagail seo, is éard a bheidh i gceist le meicníochtaí ceanglóra fháinnigh, dhá leathán nó dhá shreang de chruach a bhfuil ar a laghad ceithre leathfháinne de chruach sreinge feistithe orthu agus iad coinnithe le chéile le clúdach cruach. Is féidir iad a oscailt trí na leathfháinní a tharraingt, sin nó le meicníocht truicir bheag de chruach atá feistithe ar an meicníocht ceanglóra fháinnigh.

3. Ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, is mar seo a leanas a bheidh sé:

(a) i gcás meicníochtaí a bhfuil 17 bhfáinne agus 23 fháinne acu (cóid TARIC 8305 10 00 29 agus 8305 10 00 42), beidh méid na dleachta comhionann leis an difríocht idir an t-íosphraghas allmhairiúcháin, is é sin EUR 235 in aghaidh 1 000 píosa, agus an glanphraghas, saor ag teorainn an Chomhphobail, roimh dhleacht a íoc;

(b) i gcás meicníochtaí seachas na cinn sin ag a bhfuil 17 bhfáinne nó 23 fháinne (cóid TARIC 8305 10 00 19 agus 8305 10 00 39):

	Ráta dleachta (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne:		
— World Wide Stationery Mfg, Hong Cong, Daon-Phoblacht na Síne	51,2	8 934
— gach cuideachta eile	78,8	8 900

4. Beidh cur i bhfeidhm an ráta dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na cuideachta a luaitear i mír 3 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) na meicníochtaí ceanglóra fháinnigh a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus suíomh cláraithe na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo'*. Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

5. An dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir le hallmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, déantar é a leathnú chun allmhairí na meicníochtaí ceanglóra fháinnigh céanna arna gcur chun bealaigh ó Vítneam a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Vítneam iad nó ná bíodh (cóid TARIC 8305 10 00 11, 8305 10 00 21, 8305 10 00 37 agus 8305 10 00 40) agus chun allmhairí na meicníochtaí ceanglóra fháinnigh arna gcur chun bealaigh ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos iad nó ná bíodh (cóid TARIC 8305 10 00 13, 8305 10 00 23, 8305 10 00 38 agus 8305 10 00 41).

([58]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

6. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([59]), déanfar an t-íosphraghas allmhairiúcháin a leagtar amach i mír 3 a laghdú faoi chéatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais atá iníoctha. Ansin beidh an dleacht is iníoctha cothrom leis an difríocht idir an t-íosphraghas allmhairiúcháin laghdaithe agus an glanphraghas laghdaithe, saor ag teorainn an Aontais, roimh imréiteach custaim.

Airteagal 2

Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([59]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).